

Buaiteoir sa Chatagóir Shinearach
Aoife Devlin
Ursuline College, Sligo, Co. Sligo

Bhí mé ag barcadh allais. Bhí mo bhainisteoir ag screadáil faoi rudaí nar thuig mé. Rudaí neamhthabachtacha. Ní raibh mé ag eisteacht leis. Ní raibh me abalta díriú ar aon rud. Captaen na foirne ag imirt i mo chéad chluiche ceannais. Ba bhrionglóid í. Taobh amuigh den seomra gleasta, bheadh mo chlann ar fad ann, mo sheanathair san áireamh...

Is breá liom ag dul go dtí teach mo sheanathar. Tá gairdín mór glas aige, an áit ar fhoighlaim mé peil nuair a bhí mé an-óg. Airím uaim é. Níl gairdín againn sa chathair anois.

Is maith is cuimhin liom an lá a chuala mé scéal mo sheanathar don chéad uair. Ní raibh mé ach cúig bliana d'aois. Gach Satharn, chuaigh mé go dtí traenáil peile sa chathair. Bhí mé fós i mo chónaí faoin tuath ach bhí m'athair ina chónaí ann agus chaith mé gach deireadh seachtaine leis. Níor thaitin sé liom. Ba chailín beag mé, ag freastal ar ghaelscoil i gConamara. Níor réitigh mé leis na cailíní eile. Bhí mé uiagneach i gcónaí agus mé ag imirt le foireann. Bhí gach duine i gcónaí ag gáire fúm agus bhí a fhios agam go raibh cailín amháin i mbun, ag rá le chuile dhuine nach raibh cead ag éinne a bheith ag labhairt liom. Bhí mé ag iarraidh éirí as, i gcónaí ag géaran agus ag caoineadh. Faoi dheireadh thiar thall, thug m'athair cead dom. Bhí me ar mhuintir na muice..... ach níorbh fhada gur chuala mo sheanathair an scéal.

Thainig mo sheanathair anseo nuair a bhí sé fiche bliain d'aois. Fuair a theaghlach go leir bás i mbaisteach monsoon san Ind, a bhean cheile san áireamh. Bhí sé croí bhriste agus bhí saol nua ag teastáil uaidh. Áit éigin le haeráide slán. Bhí neart airgid aige agus mar sin, cheannaigh sé a thicéad báid agus geansaí sacair na hÉireann mar cheap sé go mbeadh fáilte Uí Cheallaigh roimhe, má chaith sé an geansaí

Bhí díoma air nuair a shroich sé a cheann scríbe. Bhí tuirse an domhan air tar eis an bealach fhada agus ní raibh duine cairdiúil ar bith ann. Bhí saghas ciníochas ag baint leis an gcultúr Éireannach ag an am seo agus bhí neart cúiseanna ag gach duine gan a bheith cairdiúil le duine ón Ind le craiceann difriúil. Thaisteal mo sheanathair timpeall na tíre, ach ní raibh fáilte roimhe in aon áit.

Tar éis cúpla seachtaine ag spaisteoireacht ar fud na tíre, bhí sé tuirseach traochta. Ar amharáí an tsaoil, fuair sé post ag glanadh suas i siopa beag i gceantar níos lú. Ní raibh barúil da laghad aige cén teange a bhí á labhairt ag na daoine áitiúla. Ach bhí neart ciall aige agus bhí sé abalta gach rud a thuiscint ag úsáid gothaí láimhe.

Saol uaigneach, brónach a bhí aige. Ní raibh cairde ar bith aige ach oiread. Bhí sé ina chónaí i dteach scriosta fiche nóiméad taobh amuigh den bhaile. Bhí sé fuar agus fliuch agus ní raibh sé in ann coladh ró-mhaith ann. Dúirt sé gurb é an bhliain sin an bhliain ba mheasa ina shaol. Ba bheag nár chuir sé lámh in a bhás féin, ach níor inis sé é sin dom go dtí go raibh mé i bhad níos sine. "Tá rud amháin níos tabhactaí ná aon rud eile dom anois" a deir sé i gcónaí. "Daoine eile. Muna bhfuil clann agat, muna bhfuil daoine ag déanamh cinnte go bhfuil tú ceart go leor, ní bheidh saol maith agat." Agus ní raibh daoine ina shaol. Ní raibh saol maith aige.

Lá ámhain, dairigh mo sheanathair rud éigin aisteach. Bhí bratacha i ngach áit agus bhí atmaisféar dearfach ann. Lá deas fómhair a bhí ann agus chonaic mo sheanathair an chéad duilleog ag titim ó chrann amháin. Bhí rud éigin speisialta ar súil. Bhí Conamara Gaels sa chluiche ceannais ach ní raibh a fhios aige faoi sin. Cheap sé go raibh féile áitiúil ar súil no rud éigin cosúil le féile san Ind.

Bhí an cluiche ar súil sé Domhnaigh sa pháirc peile áitiúil. Dúirt sé gur chuala sé an torann ab airde a chuala sé riamh agus bheartaigh sé dul agus é a fhíosrú. Chun an fhírne a rá, ceapaim gur chinniúint a bhí i gceist. Ar aon nós, nuair a chonaic sé an slua a bhí bailithe ann, is ar éigin a chreid sé a shúile. Ní

raibh aon rud mar sin feicthe aige ina shaol riamh. D'fhan sé chun féachaint ar an gcluiche. Ní raibh aon rud eile le déanamh

aige. Tar éis cúpla noiméad, bhí sé tógtha leis. Ba é an cluiche an rud ba shuimiúla dá bhfaca sé riamh. Bhí na fir ar an bpáirc ag rith le liathróid sacair ina lámha. Má chiceáil siad an liathróid thar an trasnan, chuaigh an slua fiain agus má chiceáil siad an liathróid faoin transnán, chuaigh siad níos fiáine fós.

Tar éis cúpla noiméad, bhí sé ró-fhiosrach. Chuir sé ceist ar an bhfear in aice leis, (inGaeilge an-bhriste) “Céard atá ar siúil anseo” “I ndáiríre?!” a dúirt an fear. “Níl a fhios agat?” “Níl” a dúirt mo sheanathair go ciúin. “Bhuel, muinfidh mé ceacht duit” a dúirt an fear, dárbh ainm Sean, go cneasta. Gan a thuilleadh moille, thosaigh sé ag labhairt go han tapa. Labhair sé faoi na rialacha, na clubanna, na contaetha, an stair, an cultúr agus rinne mo sheanathair a dhicheall é a lanadh. Bhí an fear ag éirí níos cairdiúla le gach aon noiméad agus bhí miongáire leathnú níos mo agus níos mo go dtí.... “Éist, ar mhaith leat trial a bhaint as? Imríom leis na leaids gach seachtain. Is píosa craic é agus beidh gach duine sásta má ghlacann tú páirt ann.” Níor chreid mo sheanathair a chluasa. Duine éigin ag labhairt leis. Duine cairdiúil ag labhairt leis. “Cinnté” a dúirt sé. “Ba bhreá liom.”

An chéad seachtain eile. chuaigh sé go dtí an pháirc. Chaith se a gheansaí sacair. Nuair a chonaic na fir eile é, phléasc siad amach ag gáire, “Céard atá á chaitheamh agat,” a d'iarr Séan air. “Cheap mé gur rud Eireannach é” a dúirt mo sheanathair. “Ní hea” a dúirt Séan, fós ag gáire. “Ná bí buartha faoi, ceannóimid rud éigin eile duit.” Bhí náire ar mo sheanathair ach thosaigh siad ag imirt fós. Ba dhalta maith é mo sheanathair agus d'fhoighlaim sé an cluiche go tapa. Chabhraigh sé lena chuid Gaeilge freisin. Cheap na fir eile go raibh sé saghas ait ar dtús ach tar éis tamaill, ba ghnáthrud é. B'imreoir maith é, ach níor imir sé leis an príomhfoireann mar fós bhí faoine nach raibh sásta le duine indiach ag imirt peil Ghaelach. “Ach sin an saol” a deir mo sheanathair. Bhí cairde aige anois agus bhí pobail aige. Aontaím leis! Sin an rud is tabhachtaí.

Thit sé i ngrá le deirfiúr Sheáin agus phós siad a chéile. Fuair sí bás nuair a rugadh m'athair, ach sin scéal níos brónaí. Nuair a bhí m'athair cúig bliana d'aois, thosaigh sé ag imirt peile agus thosaigh mo sheanathair ag cabhrú lena fhoireann. Ba imreoir maith é mo sheanathair, ach, ba bhainisteoir iontach é. Níorbh fhada go raibh sé i mbun an phríomhfoireann agus bhuaigh siad an craobh trí huaire faoina chúram. Inniu, fós, tá saghas clú agus cáil air. Fear indiach beag, an bainisteoir peil Ghaelach is fearr. Is aoibhinn leis ag cabhrú fós agus é beagnach ochtó bliain d'aois. Is aoibhinn leis ag mothú mar chuis den phobal. Sin é a scéal. Sin é a shaol. Deir sé má bhí a fhios aige cad a bhí an C.L.G roimh dó teacht anseo, go mbeadh a shaol a bhfad níos easca. Is é an C.L.G Eireann, a deir sé i gcónaí. Níl aon rud eile cosúil leis.

“Bhuel” a dúirt sé. “An dtuigeann tú anois cén fáth nach féidir liom ligint duit eirí as an bpeil Ghaelach a imirt? Is Eireannach thú. Is Eireannach mé anois. An fáth? An Cumann Lúthchleas Gael agus an spiorád pobail a bhaineann leis. Munar thosaigh mé ag imirt, bhfeidir nach mbeadh tusa anseo inniu. Caithfidh tú. Domsa.”

Ní raibh mé abalta é a dhiúlthiú. Lean mé ar aghaidh ag imirt. Ag déanamh iarracht a bheith níos fearr. Ba chuma faoi na cailíní eile, ba mise an duine ba chairdiúla ar an bhfoireann. Tar éis cúpla bliain, bhí foireann agam chomh deas is a bhí foireann mo sheanathair na blianta ó shin.

“AMACH LIBH” a scread mo bhainisteoir in ard a chinn is a ghutha. “Siobhán, téigh i gceannas.” Sheas mé suas. Cluiche Ceannais na hEireann 2018. “GALLIMH ABÚ” a scread mé, agus ansin, faoi m'anáil. “Seo duit, a sheanathair.” Tá an t-am tagtha, táim chun an corn a fháil, chun é a thabhairt ar ais go dtí an rud, a spórt agus an contae, a thug saol do mo sheanathair.